C/2026/3788

15.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3788)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Τύρναβος'

Uimhir thagartha AE: PGI-GR-A0122-AM02 — 19.4.2026

1. **Ainm an táirge**

'Τύρναβος'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Ghréig

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

AN AIREACHT FORBARTHA TUAITHE AGUS BHIA, AN ROINN FÍNIÚNACHA, FÍONA AGUS DEOCHANNA BIOTÁILLEACHA

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Tagann an leasú a iarradh faoi chatagóir na leasuithe caighdeánacha i gcomhréir le hAirteagal 24(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2024/1143, ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint;

(b) níl i gceist leis athrú ar chatagóir táirge fíniúna ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint ná scriosadh ná cur isteach catagóire den sórt sin;

(c) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní; agus

(d) nach bhfuil aon srian breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Cineál Asyrtiko a chur le comhdhéanamh cineáil na bhfíonta geala agus *rosé* de gach catagóir agus le comhdhéanamh cineáil an fhíona *rosé* leathshúilínigh.

Tuairisc

Táirgtear fíon geal TGFC 'Τύρναβος' (Tyrnavos) (tirim, meántirim agus meánmhilis) ó fhíonchaora na gcineálacha fíniúna Malagouzia, Dempina, Muscat Hamburg (Moschato Mavro Tyrnavou), Roditis, Savatiano, Chardonnay, Sauvignon Blanc, Maccabeau, Batiki, Ugni Blanc agus Asyrtiko, i gcion ar bith.

Táirgtear fíon *rosé* TGFC 'Τύρναβος' (Tyrnavos) (tirim, meántirim agus meánmhilis) ó fhíonchaora úra na gcineálacha fíniúna Muscat Hamburg (Moschato Mavro Tyrnavou), Limnio, Roditis, Limniona, Cabernet Sauvignon, Grenache Rouge, Merlot, Syrah agus Asyrtiko, i gcion ar bith.

Táirgtear fíon leathshúilíneach TGFC 'Τύρναβος' (Tyrnavos) (tirim agus meántirim) ó fhíonchaora úra na gcineálacha fíniúna Muscat Hamburg (Moschato Mavro Tyrnavou), Limnio, Roditis, Limniona, Cabernet Sauvignon, Grenache Rouge, Merlot, Syrah agus Asyrtiko, i gcion ar bith.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Deireadh a chur leis an srian 30 % le haghaidh na gcineálacha Ugni Blanc, Batiki agus Maccabeau i gcomhdhéanamh cineáil fíona ghil de gach catagóir.

Tuairisc

Léirigh fíonóireacht a rinneadh trí úsáid a bhaint as na cineálacha thuas nach mbíonn aon athrú suntasach ar phróifíl na bhfíonta i gceist nuair a sháraítear an teorainn 30 %, agus mar thoradh air sin nach bhfuil údar leis an srian sin ó thaobh na fíoneolaíochta de, ach gur srian neamhriachtanach é ina ionad sin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Nuashonrú ar chomhad teicniúil TGFC 'Τύρναβος' (Tyrnavos)

Tuairisc

(i) Feabhas a chur ar an tuairisc sa roinn dar teideal 'Nasc leis an limistéar geografach';

(ii) forálacha náisiúnta maidir leis na ceanglais agus na rialuithe is infheidhme le haghaidh fíonta ATFC agus TGFC a chur isteach agus a ionadú; agus

(iii) athrú ar mhionsonraí na gcomhlachtaí cigireachta inniúla.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha an fhíona

'Τύρναβος'

Uimhir thagartha AE: PGI-GR-A0122-AM02 — 19.4.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Τύρναβος'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Ghréig

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

8. Fíon leathshúilíneach

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Táirge fíniúna

Fíon geal tirim

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath buíghlas orthu.

Dea-bholadh

Dea-bholadh a chuireann úll glas agus piorra aibí, dea-bholadh torthaí citris in éineacht le siollaí fíneálta seasmaine i gcuimhne. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh ar leith Muscat in éineacht le siollaí bláthacha.

Blas

Dianmheáchan sa bhéal, in éineacht le haigéadacht íseal agus iarbhlas fadsaolach.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11.0
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

— Neart alcóil iomlán íosta: 11,0 % de réir toirte;

— Neart alcóil iomlán íosta: 10,0 % de réir toirte;

— Méid iomlán siúcra (g/l): uasmhéid 9,0;

— Aigéadacht iomlán íosta: 7,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon geal leath-thirim

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath buíghlas orthu.

Dea-bholadh

Dea-bholadh a chuireann úll glas agus piorra aibí, dea-bholadh torthaí citris in éineacht le siollaí fíneálta seasmaine i gcuimhne. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh ar leith Muscat in éineacht le siollaí bláthacha.

Blas

Dianmheáchan sa bhéal, in éineacht le le blas milis fionnuar, aigéadacht íseal agus iarbhlas fadsaolach.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11.0
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	250

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

— Neart alcóil iomlán íosta: 10,0 % de réir toirte;

— Méid iomlán siúcra (g/l): íosmhéid 4,5 - uasmhéid 17,5

— Maximum total acidity: 7,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon geal tirim socair

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath buíghlas orthu.

Dea-bholadh

Dea-bholadh a chuireann úll glas agus piorra aibí, dea-bholadh torthaí citris in éineacht le siollaí fíneálta seasmaine i gcuimhne. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh ar leith Muscat in éineacht le siollaí meala agus bláthacha.

Blas

Dianmheáchan sa bhéal, in éineacht le haigéadacht fhíneálta agus iarbhlas milis fadsaolach.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11.0
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	250

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

— Neart alcóil iomlán íosta: 10,0 % de réir toirte;

— Méid iomlán siúcra (g/l): íosmhéid 12,5 - uasmhéid 45

— Aigéadacht iomlán íosta: 7,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge finiúna

Fíonta dearga tirime

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath corcra dorcha le gealáin chorcairghorma.

Dea-bholadh

Dea-bholadh torthaí dearga aibí amhail silíní, sméara dubha agus plumaí, siollaí piobair dhuibh agus clóibh anuas air. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh ar leith Muscat in éineacht le siollaí bláthacha.

Blas

Neart meáchain sa bhéal, le struchtúr maith agus tainniní boga.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12.0
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

— Neart alcóil iomlán íosta: 12,0 % de réir toirte;

— Neart alcóil iomlán íosta: 10,5 % de réir toirte;

— Méid iomlán siúcra (g/l): uasmhéid 9,0;

— Aigéadacht iomlán íosta: 7,0 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon dearg leath-thirim

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath corcra dorcha le gealáin chorcairghorma.

Dea-bholadh

Dea-bholadh torthaí dearga aibí amhail silíní, sméara dubha agus plumaí, siollaí piobair dhuibh agus clóibh anuas air. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh ar leith Muscat in éineacht le siollaí bláthacha.

Blas

Neart meáchain sa bhéal, le struchtúr maith, milseacht dheas agus tainniní boga.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12.0
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

— Neart alcóil iomlán íosta: 10,5 % de réir toirte;

— Méid iomlán siúcra (g/l): íosmhéid 4,5 - uasmhéid 17,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 7,0 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon dearg leathmhilis

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath corcra dorcha le gealáin chorcairghorma.

Dea-bholadh

Dea-bholadh torthaí dearga ró-aibí amhail silíní, sméara dubha agus plumaí, agus siollaí piobair dhuibh agus clóibh anuas orthu. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh ar leith Muscat in éineacht le siollaí meala agus bláthacha.

Blas

Neart meáchain sa bhéal, le struchtúr maith agus tainniní boga. Iarbhlas milis.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12.0
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

— Neart alcóil iomlán íosta: 10,5 % de réir toirte;

— Méid iomlán siúcra (g/l): íosmhéid 12,5 - uasmhéid 45

— Aigéadacht iomlán íosta: 7,0 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon dearg milis

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath corcra dorcha le gealáin chorcairghorma.

Dea-bholadh

Dea-bholadh torthaí ró-aibí amhail figí, in éineacht le le dea-bholadh dian muscat agus siollaí meala agus subh milse traidisiúnta agus air.

Blas

Blas milis sa bhéal, le saintréith dhian muscat. Aigéadacht shásúil, thathagach, braistint toirte agus iarbhlas fadsaolach.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	300

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

— Neart alcóil iomlán íosta: 10,5 % de réir toirte;

— Méid iomlán siúcra (g/l): íosmhéid 45;

— Aigéadacht iomlán íosta: 7,0 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon *rosé* tirim

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath bándearg.

Dea-bholadh

Fíon torthaíoch ar a bhfuil dea-bholadh silíní, sútha talún agus rósanna dearga. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh sainiúil Muscat.

Blas

Aigéadacht shásúil, castacht agus struchtúr maith.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11.0
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

— Neart alcóil iomlán íosta: 11,0 % de réir toirte;

— Neart alcóil iomlán íosta: 10,0 % de réir toirte;

— Méid iomlán siúcra (g/l): uasmhéid 9,0;

— Aigéadacht iomlán íosta: 7,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon *rosé* leath-thirim

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath bándearg.

Dea-bholadh

Fíon torthaíoch ar a bhfuil dea-bholadh silíní, sútha talún agus rósanna dearga. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh sainiúil Muscat.

Blas

Aigéadacht shásúil, castacht, milseacht dheas agus struchtúr maith.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11.0
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	250

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

— Neart alcóil iomlán íosta: 10,0 % de réir toirte;

— Méid iomlán siúcra (g/l): íosmhéid 4,5 - uasmhéid 17,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 7,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon *rosé* leathmhilis

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath bándearg.

Dea-bholadh

Fíon torthaíoch ar a bhfuil dea-bholadh silíní, sútha talún agus rósanna dearga. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh sainiúil Muscat.

Blas

Aigéadacht shásúil, castacht agus struchtúr maith. Iarbhlas milis fadsaolach.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11.0
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	250

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

— Neart alcóil iomlán íosta: 10,0 % de réir toirte;

— Méid iomlán siúcra (g/l): íosmhéid 12,5 - uasmhéid 45

— Aigéadacht iomlán íosta: 7,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon *rosé* leathshúilíneach tirim

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath bándearg.

Dea-bholadh

Fíon torthaíoch ar a bhfuil dea-bholadh silíní, sútha talún agus rósanna dearga. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh sainiúil Muscat.

Blas

Aigéadacht shásúil, braistint úire agus struchtúr maith.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11.0
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

— Neart alcóil iomlán íosta: 10,0 % de réir toirte;

— Méid iomlán siúcra (g/l): uasmhéid 9,0;

— Aigéadacht iomlán íosta: 7,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

— Brú barrachais nach lú ná 1 bhar amháin ach nach mó ná 2,5 bar ag 20 °C i gcoimeádáin dhúnta.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon *rosé* leathshúilíneach meántirim

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath bándearg.

Dea-bholadh

Fíon torthaíoch ar a bhfuil dea-bholadh silíní, sútha talún agus rósanna dearga. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh sainiúil Muscat.

Blas

Aigéadacht shásúil, braistint úire agus struchtúr maith.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11.0
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	250

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

— Neart alcóil iomlán íosta: 10,0 % de réir toirte;

— Méid iomlán siúcra (g/l): íosmhéid 4,5 - uasmhéid 17,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 7,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

— Brú barrachais nach lú ná 1 bhar amháin ach nach mó ná 2,5 bar ag 20 °C i gcoimeádáin dhúnta.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Fíonóireacht na bhfíonta geala tirime, meántirime agus leathmhilse

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srianta ar fhíonóireacht

Tuairisc

Táirgtear é trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht úrscothach an táirgthe fíona ghil; ní ceadmhach an teocht le linn coipeadh alcólach a bheith níos mó ná 20 °C.

Cleachtas fíoneolaíoch

Fíonóireacht na bhfíonta dearga tirime, meántirime, leathmhilse agus milse

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srianta ar fhíonóireacht

Tuairisc

Táirgtear iad i gcomhréir le modhanna traidisiúnta fíonóireachta le haghaidh fíon dearg.

Cleachtas fíoneolaíoch

Fíonóireacht na bhfíonta *rosé* tirime, meántirime agus leathmhilse

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srianta ar fhíonóireacht

Tuairisc

Táirgtear an fíon *rosé* agus teicneolaíocht úrscothach déanta fíona *rosé* á húsáid; ní bhíonn an teocht le linn coipeadh alcólach níos mó ná 20 °C.

Cleachtas fíoneolaíoch

Córas treoraithe fíniúnacha

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Treoraítear na fíniúnacha i gcomhréir leis na gnáth-theicnící saothraithe a úsáidtear go háitiúil.

Cleachtas fíoneolaíoch

Cleachtais fíoneolaíochta shonracha a úsáidtear chun na fíonta a dhéanamh

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

(a) I dtáirgeadh fíonta leath-thirime, leathmhilse agus milse, ceadaítear milsiú i gcomhréir le forálacha ábhartha an Aontais.

(b) Déantar fíon leathshúilíneach trí úsáid a bhaint as an teicníc áitiúil thraidisiúnta, agus ní chuirtear an dé-ocsaíd charbóin isteach ach tá sí inginiúil.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Uastáirgeacht na bhfíonchaor i gcileagraim in aghaidh an heicteáir (cineálacha dearga agus geala)

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	12 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Uastáirgeacht i heictilítir den táirge deiridh in aghaidh an heicteáir - fíonta dearga

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	96
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Uastáirgeacht an táirge deiridh i heictilítir in aghaidh an heicteáir – fíonta geala agus *rosé*

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	90
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Cabernet Sauvignon N

— Chardonnay B

— Grenache Rouge N

— Maccabeau B

— Merlot N

— Sauvignon Blanc B

— Syrah N

— Ugni Blanc B - Trebbiano

— Asyrtiko B

— Limnio N

— Limniona N

— Malagouzia B

— Muscat Hamburg N - Moschato Mavro Tyrnavou

— Batiki B

— Dempina B

— Roditis Rs – Alepou

— Savatiano B – Doumprena Aspri, Kountoura Aspri, Perachoritiko, Sakeiko

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar críochaithe le haghaidh tháirgeadh na bhfíonta laistigh d'Aonad Réigiúnach Larissa agus áirítear ann ceantair Bhardas Tyrnavos, go háirithe Aonad Bardasach Tyrnavos lena Phobail Áitiúla Argyropouleio, Damasi agus Dendra Tyrnavou agus Aonad Bardasach Ampelonas lena Phobail Áitiúla Vryotopos, Deleria agus Rodia.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas

☑ cáil

☐ cáilíocht áirithe

☐ saintréithe eile

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Tuairisc ar an nasc

Mionsonraí an limistéir gheografaigh - Fíonta agus fíonta leathshúilíneacha

Nasc stairiúil

Tá fíonsaothrú á chleachtadh i réigiún Tyrnavos leis na céadta blianta. Tá tagairtí i scríbhinn ann do stair an fhíonsaothraithe agus an fhíona i limistéar Tyrnavos fiú ón ré Bhiosántach, i litreacha ó rialtóir iarthar na Teasáile, Michael Gabrielopoulos (1295), a bhaineann, inter alia, le dleacht mháil a ghearrtar ar fhíon agus ar ola olóige (Tsopotos, 1896).

Thug S. Paganellis agus Zosimas Esphigmenitis, foilsitheoir Prometheus, tuairisc ar Tyrnavos in 1880 mar a leanas: 'Táirgeann Tyrnavos cocúin, mealbhacáin, go leor fíona, atá lag ach nach maireann níos faide ná mí Aibreáin'.1

De réir na faisnéise san iris Hellenic Viticulture and Oenology [Fíonsaothrú agus Fíoneolaíocht Heilléanach] (1932), ba iad seo a leanas na cineálacha fíniúna a bhíodh á bhfás sa réigiún: Roditis, Batiki, Koukouli, Limniona, Sideritis, Kartsiotis, Outmali. Ní fhástar na cineálacha thuas a thuilleadh i réigiún Tyrnavos, ach amháin Roditis, Batiki agus Limniona. Tharla an t-aistriú in 1930-1936 mar gheall ar ráig fiollocsaeire sa réigiún. Rinne Scoil Talmhaíochta Larissa fíniúnacha a bhí frithsheasmhach in aghaidh fiollocsaeire a dháileadh go príomha, rud a chuir cineálacha Muscat Hamburg, Batiki agus Rozaki chun cinn.

Sa lá atá inniu ann, is é **Muscat Hamburg** an cineál fíniúna is mó a shaothraítear in 60 % d'iomlán na bhfíonghort sa limistéar.

Tá an cineál sin le fáil in áiteanna scaipthe ar fud an domhain. Sa Ghréig, áfach, tá sé comhchiallach le limistéar Tyrnavos, ós rud é, ar an leibhéal náisiúnta, go saothraítear é beagnach go heisiach laistigh de theorainneacha Bhardas Tyrnavos.

Cruthaíodh Muscat Hamburg tríd an gcineál Iodálach Schiava Grossa (Trollinger nó Black Hamburg) agus an cineál Éigipteach Muscat Alexandria a chrosphórú agus saothraíodh é beagnach ar fud an domhain. Tá sé measctha le cineálacha eile chun fíon a tháirgeadh, ach i gcásanna eisceachtúla, mar atá i limistéar Tyrnavos, is féidir fíon a tháirgtear go heisiach ó Muscat Hamburg a aimsiú.

D'oibrigh saothróirí fíniúna/táirgeoirí fíona áitiúla Tyrnavos, a bhfuil stair an-fhada fíonsaothrúcháin acu, ar bhonn na staide nua a cruthaíodh leis na cineálacha a bunaíodh tar éis fiollocsaeire, agus d'úsáid siad Muscat ar go leor bealaí. Táirgtear fíonta aramatacha speisialta, fíonta a bhfuil dath dearg éadrom orthu, atá milis agus leathmhilis den chuid is mó. Is trí dhriogadh a tháirgtear Tsipouro cáiliúil TGFC Tyrnavos. Mar gheall ar limistéar mór bharr Muscat Hamburg, dea-chuibhiú an chineáil agus an iliomad bealaí inar féidir é a úsáid, tá limistéar Tyrnavos ina phointe tagartha domhanda, a mhéid sin go bhfuil an comhchiallach **Moschato Tyrnavou** san áireamh anois in VIVC (Catalóg Cineálacha Idirnáisiúnta Vitis). Suíodh leis sin cáil Moschato Tyrnavou ar scála domhanda agus, tar éis an t-ainmniúchán a aithint i mí Feabhra 2013 ar an leibhéal náisiúnta, féadfar an cineál a lipéadú go hoifigiúil mar **'Moschato Mavro Tyrnavou'**, le haghaidh fíonchaora a shaothraítear laistigh de theorainneacha Bhardas Tyrnavos.

Nasc cultúir, sóisialta agus eacnamaíoch

Tá dlúthnasc idir saol sóisialta agus eacnamaíoch réigiún Tyrnavos agus fíonsaothrú, fíon agus tsipouro. Tá an traidisiún sin ann leis na céadta blianta i mbaile Tyrnavos agus sa réigiún máguaird. Mar sin féin, i dtreo lár an 19ú haois, bhí dlúthbhaint ag muintir Tyrnavos leis an bhfíonsaothrú agus bhí ról tábhachtach ag táirgí amhail fíon, tsipouro agus ouzo i ngeilleagar an bhaile. De réir cuntais stairiúla éagsúla, chomh maith leis an dúlra, ba é meon sásúil chónaitheoirí Tyrnavos a chuir le leathnú na fíniúna agus a táirgí: 'Is daoine spraiúla cráifeacha a bhfuil spéis acu san fhéasta iad cónaitheoirí Tyrnavos, a mhéid is nach dócha fiú aon chónaitheoir amháin sa bhaile a aimsiú nach bhfuil spéis mhór aige sa fhíon', a scríobh Ioannis Economou Logiotatou, scoláire ó Larissa, in 1817. Thug Nikolaos Georgiadis dá aire in 1880: 'Agus tá cónaitheoirí an bhaile spraiúil, bríomhar, tá spéis acu san fhéasta agus tugann siad adhradh ómósach do Bacchus'. De réir Achilleas Tzartzanos (1873-1946), measadh gur príomhthoisc i bhfás eacnamaíoch Tyrnavos é an fíonsaothrú fairsing, inar cheart fás an chadáis a fhás agus go leor úllord torthaí (piorra agus péitseog) a chur isteach. Bhí tréimhse ann ina mbíodh cónaitheoirí i dTyrnavos ag saothrú líon mór crann maoildeirge do thionscal an tsíoda, ag táirgeadh líon mór cocún gach bliain agus á n-onnmhairiú chun na hEorpa.

Is iad an fhíniúin agus a táirgí cnámh droma an gheilleagair áitiúil anois freisin. Tá fíon agus tsipouro nasctha le hócáidí sóisialta i limistéar Tyrnavos, amhail traidisiúin, ceiliúradh agus searmanais, chomh maith le saol laethúil na ndaoine áitiúla. Is é 'Bourani' ar 'Luan Glan' an nós is sainiúla, a fheictear in Tyrnavos amháin, ceiliúradh atá fréamhaithe i gceiliúradh Diníseach agus in adhradh Dhinísis. Is féile bhéaloidis í seo le hamhráin ghairsiúla agus magadh, damhsa agus go leor meisceoireachta; i ndáiríre, is ceiliúradh é ar an bhfallas, siombail an atáirgthe agus na torthúlachta.

Timpeallacht gheografach agus tionscnamh geografach

Tá fíonghoirt i terroir fhíonta 'Τύρναβος' (Tyrnavos) (TGFC) suite ag airdí idir 70 agus 250 méadar. Is é 17 000 ha méid na bhfíonghort sin ina bhfástar cineálacha molta agus ceadaithe, a bhfuil thart ar 10 000 ha díobh in Muscat Hamburg.

Tá tír-raon Bhardas Tyrnavos, áit a bhfuil na fíonghoirt suite, idir rilíf shéimh agus fánaí suas le 12 % (i limistéar Damasi) in áiteanna. Faightear ithreacha gláracha atá oiriúnach do dhiantalmhaíocht ansin. Go sonrach, is éard atá san ábhar geolaíoch ábhair lena bhfoirmítear an clúdach glárach, sil-leagain abhann, gaothráin snaíochair, gaothráin ghláracha, dumhcha, carraigeacha bolcánacha ar a bhfuil gaineamh, cré, scaineagán agus scileach gleanaithe.

Saintréith den mhiocraeráid sa réigiún is ea teochtaí réasúnta íseal sa gheimhreadh, sioc go minic agus beagán báistí, agus bíonn an samhradh te agus tirim de ghnáth. Go sonrach, is é 16,5 °C an mheánteocht, agus bíonn an mheánteocht íosta sa gheimhreadh thart ar 7,7 °C agus thart ar 40,1 °C sa samhradh. Is é 518 mm an mheánbháisteach bhliantúil, agus is é 72,59 % an mheán-bhogthaise.

Faigheann fíonta 'Τύρναβος' (Tyrnavos) (TGFC) a saintréithe cáilíochta ó mheascán de ghnéithe áitiúla (ithir agus aeráid), na cineálacha a fhástar agus na cleachtais saothraithe agus fhíoneolaíocha a úsáidtear.

A mhéid a bhaineann le cineál Muscat Hamburg (Moschato Mavro Tyrnavou), cuireann an mhiocraeráid áitiúil go mór le saintréith láidir aramatach an chineáil, atá cosúil le rósanna, rud a chuireann le táirgeadh fíonta uathúla Muscat, ar catagóir iad astu féin. Saothraítear cineál Muscat Hamburg (Moschato Mavro Tyrnavou) sna hithreacha is torthúla, is doimhne, áit a bhforbraíonn sé tréithe orgánaileipteacha na bhfíonchaor (dath, méid, dea-bholadh) a mhéid is féidir, agus cruthaíodh gurb é an cineál is frithsheasmhaí in aghaidh seaca é (le linn gheimhreadh 2001, thit an teocht go −24,8 °C).

Déantar cineálacha Gréagacha, idir gheal agus dearg, ina bhfuil triopaill mhóra agus chomhtháite (amhail Malagouzia agus Roditis) a shaothrú in ithreacha ina bhfuil leibhéil ísle taise, mar gheall ar an riosca ionfhabhtaithe ó fhungais, amhail botraíteas.

Tá blas goirt ar fhíonta de thionscnamh cineálacha geala a shaothraítear go príomha in ithreacha atá soir ó dheas ó Tyrnavos, rud a chuirtear i leith na hithreach dúrabháin ina bhfuil tiúchan ard breochloiche.

Bíonn tionchar ag an mbáisteach íseal i rith an tsamhraidh agus ag na teochtaí arda sa limistéar ar aigéadacht, ar dhath agus ar mhéid siúcra na bhfíonta dearga.

Chomh maith le saintréithe an limistéir (ithir, aeráid) agus na gcineálacha a shaothraítear, is toisc thábhachtach iad cleachtais fhíoneolaíocha freisin chun fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Is féidir cleachtais agus modhanna fíoneolaíocha éagsúla a úsáid chun feabhas a chur ar cháilíocht fíonta de thionscnamh Malagouzia. Ag brath ar dháileacht talún an fhíonghoirt agus ar a saintréithe, roghnaíonn fíoneolaithe áitiúla na fíonchaora a fhuarú i gcuisneoirí móra, nó oighear tirim a úsáid chun a dteocht a laghdú.

Ní úsáidtear bairillí adhmaid chomh forleathan sin chun fíon aosaithe a tháirgeadh. Is féidir le fíonghoirt dhéanacha fíonta tirime a tháirgeadh a aibíonn san umar nó sa bhairille.

Mionsonraí táirge maidir leis an bhfíon

Tá saintréithe cáilíochta fhíonta ‘Τὐρναβος’ (Tyrnavos) (TGFC) mar thoradh ar dhálaí aeráide an limistéir agus ar chineálacha éagsúla ithreach, in éineacht leis na cineálacha fíniúna a fhástar, ar na modhanna a úsáidtear chun aire a thabhairt do na fíniúnacha agus na teicnící fíonóireachta.

Tá dath corcra dorcha ar na fíonta dearga, le gealáin chorcairghorma agus dea-bholaithe amhail figí agus torthaí dearga aibí amhail silíní, sméara dubha agus plumaí, siollaí piobair dhuibh agus clóibh anuas air sin in éineacht le dea-bholadh muisc dian agus anuas air sin siollaí meala agus leasaithe milse traidisiúnta, ag brath ar an gcineál. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh ar leith Muscat in éineacht le siollaí bláthacha. Saintréith de na fíonta sin is ea tainniní boga.

Bíonn dath bándearg ar fhíonta *rosé*, agus bíonn dea-bholaithe éagsúla orthu, amhail silín, sútha talún agus rós dearg. I gcás fhíon Muscat, dea-bholadh sainiúil Muscat.

Bíonn dea-bholaithe éagsúla ar fhíonta geala, amhail úll glas agus piorra aibí, dea-bholadh torthaí citris in éineacht le siollaí fíneálta seasmaine, ag brath ar an gcineál. I gcás fhíon Muscat tá dea-bholadh ar leith Muscat in éineacht le siollaí bláthanna air. Is saintréithe de na fíonta sin aigéadacht fhíneálta agus struchtúr dian.

Mar gheall ar a n-acmhainneacht aramatach, is féidir le fíonta a tháirgtear ó Malagouzia, Chardonnay, agus Sauvignon Blanc feabhas a chur ar dhea-bholadh agus ar bhlas cineálacha eile ó limistéar Tyrnavos, amhail Roditis, Savatiano agus Batiki, a bhfuil dea-bholadh neodrach orthu agus meánaigéadacht acu.

Tá Asyrtiko molta agus ceadaithe i limistéar Tyrnavos le blianta fada, agus tá limistéar na bhfíonghort a tháirgeann é ag fás i gcónaí.

Saintréith de chuid Asyrtiko is ea cineál idéalach le haghaidh limistéir nach bhfuil mórán báistí iontu agus ina bhfuil aeráid thirim. Meastar go bhfuil inoiriúnaitheacht an chineáil áirithe sin i limistéar Tyrnavos sármhaith ar dhá phríomhchúis: báisteach íseal agus comhdhéanamh na hithreach. Ina theannta sin, cuidíonn tiúchan ard gainimh agus dea-dhraenáil le cineál Asyrtiko fréamhacha doimhne a chruthú chun easpa uisce a sheasamh ar bhealach níos fearr.

Is féidir fíonta a dhéantar as cineál Asyrtiko a chumasc le go leor de na cineálacha atá san áireamh cheana féin i TGFC Tyrnavos (e.g. Malagouzia), rud a tháirgeann fíonta ar ardchaighdeán. Ceann díobh sin is ea an cineál Moschato Mavro Tyrnavou. Is díol mór spéise é an cumasc áirithe sin, cumasc lena gcomhcheanglaítear aigéadacht sármhaith Asyrtiko le próifíl aramatach phléascach agus ilghnéitheach Moschato Mavro Tyrnavou (i gcoipeadh fíona ghil). Is cumasc suimiúil eile de Asyrtiko é an cumasc le cineálacha Malagouzia agus Chardonnay. Tá an cumasc sin ar mhargadh na Gréige le roinnt blianta anuas agus tá rath mór tráchtála air.

Idirghníomhaíocht chúisíoch maidir leis an bhfíon

Tá nasc idir uathúlacht na bhfíonta agus acmhainneacht aramatach na gcineálacha óna dtáirgtear iad, in éineacht leis an gcineál ithreach agus na dálaí aeráide a bhíonn i réim le linn an aibithe. Tá tábhacht leis an gcleachtas fíoneolaíoch a úsáidtear freisin.

Táirgeann cineálacha geala in éineacht leis an gcineál ithreach cuí fíonta ag a bhfuil aigéadacht fhíneálta agus dea-bholadh torthaí, torthaí citris agus gealán ó bhláthanna mar shaintréith.

A mhéid a bhaineann go sonrach le Malagouzia, is féidir linn sampla de dhá chineál éagsúla ithreach a thabhairt. Sa chéad chás, tá gaineamh agus dúrabhán gainmheach in ithreacha gar d'abhainn Titarisios, ina bhfuil go leor breochloiche. Tarlaíonn aibiú sna hithreacha sin níos luaithe agus táirgeann an cineál fíonta ar a bhfuil dea-bholadh seasmaine agus piorra aibí. Sa dara cás, tá ithreacha gar do Shliabh Melouna créúil. Tarlaíonn aibiú sna hithreacha sin 10-15 lá níos déanaí ná sa chéad chás agus táirgeann an cineál fíonta ar a bhfuil dea-bholadh a chuireann úll glas agus torthaí citris i gcuimhne. Is saintréithe den dá limistéar iad fíonta a bhfuil aigéadacht an-mhaith acu.

Cineálacha dearga in éineacht leis an gcineál ceart ithreach, bíodh sí créúil nó gainmheach, táirgeann siad fíonta ar a bhfuil dea-bholadh torthaí, bláthanna agus dea-bholadh dian muscach in éineacht le siollaí meala agus subha milse traidisiúnta agus tainniní boga i gcás fíonta dearga. Is é an toradh a bhíonn ar bheagán báistí le linn an tsamhraidh agus ar na teochtaí arda sa limistéar fíonta ag a bhfuil meánaigéadacht, dath agus méid ard siúcra. Tá cineál áitiúil Limniona, a thagann in aibíocht ó na 10 lá dheireanacha de mhí Mheán Fómhair go dtí an chéad 10 lá de mhí Dheireadh Fómhair, an-spéisiúil freisin. Táirgeann an cineál sin fíonta a bhfuil aigéadacht dhian acu, dath meánach orthu agus tainniní boga acu.

Is saintréith d'fhíonta *rosé* aigéadacht shásúil, castacht agus struchtúr maith.

Catagóir an táirge fíniúna

8. Fíon leathshúilíneach

Tuairisc ar an nasc

Sonraí táirge maidir le fíonta leathshúilíneacha

Is féidir le haibiú déanach fíniúnacha fíonta leathshúilíneacha den scoth a tháirgeadh a bhfuil saintréithe cáilíochtúla an-uathúil acu. Tá tréithe orgánaileipteacha suntasacha ag fíonta leathshúilíneacha agus, go háirithe, tá dath bándearg an róis orthu, in éineacht le dea-bholadh torthaí, amhail silíní agus sútha talún agus dea-bholadh bláthanna, amhail rós dearg. I gcás fhíon leathshúilíneach Muscat, dea-bholadh ar leith Muscat. Is iad saintréithe fhíonta 'Τύρναβος' (Tyrnavos) TGFC leathshúilíneacha aigéadacht shásúil, braistint úire agus struchtúr maith.

Idirghníomhaíocht chúisíoch le haghaidh fíonta leathshúilíneacha

Tá nasc idir uathúlacht fhíonta 'Τύρναβος' (Tyrnavos) TGFC leathshúilíneacha agus acmhainneacht aramatach na gcineálacha óna dtáirgtear iad, in éineacht leis an gcineál ithreach agus na dálaí aeráide atá i réim le linn an aibithe. Tá tábhacht leis an gcleachtas fíoneolaíoch a úsáidtear freisin. Soláthraíonn éagsúlacht ard na n-ithreacha go leor roghanna chun ardcháilíocht fíonta leathshúilíneacha a chaomhnú. Cuireann an meascán tosca sin le táirgeadh fíonta leathshúilíneacha a bhfuil tréithe orgánaileipteacha eisceachtúla acu, amhail dea-bholadh torthaí agus bláthanna, le haigéadacht shásúil, braistint úire agus struchtúr maith.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar críochaithe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

A. Creat dlíthiúil: Reachtaíocht an Aontais

B. Creat dlíthiúil: Reachtaíocht náisiúnta

'Fíonta boird ar féidir an téarma "Fíon Áitiúil" a úsáid ina leith mar aon le tásc geografach cúige, maorachta nó limistéir fíonsaothrúcháin atá níos lú ná maoracht, táirgfear iad i bhfíonlanna a oibríonn sa mhaoracht nó i maorachtaí in aice láimhe.' Go sonrach, féadfar fíonta 'Τύρναβος' (Tyrnavos) (TGFC) a tháirgeadh i bhfíonlanna a oibríonn in Aonad Réigiúnach Larissa nó in Aonaid Réigiúnacha Magnisia, Fthiotida, Karditsa, Trikala, Greneva, Kozani agus Pieria atá in aice láimhe.

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú fíona

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú:

A. Téarmaí lena dtagraítear do mhodhanna áirithe táirgthe

Creat dlíthiúil: Reachtaíocht an Aontais

Creat dlíthiúil: Reachtaíocht náisiúnta

Féadfar na téarmaí seo a leanas a úsáid, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta:

— 'ΝΕΟΣ ΟΙΝΟΣ' nó 'ΝΕΑΡΟΣ ΟΙΝΟΣ' (FÍON NUA)

— 'ΩΡΙΜΑΝΣΗ ΣΕ ΒΑΡΕΛΙ' nó 'ΩΡΙΜΑΣΕ ΣΕ ΒΑΡΕΛΙ' (AIBITHE I mBAIRILLE)

— 'ΠΑΛΑΙΩΜΕΝΟΣ ΣΕ ΒΑΡΕΛΙ' nó 'ΠΑΛΑΙΩΣΗ ΣΕ ΒΑΡΕΛΙ' (AOSAITHE I mBAIRILLE)

— 'ΟΙΝΟΠΟΙΗΘΗΚΕ ΚΑΙ ΩΡΙΜΑΣΕ ΣΕ ΒΑΡΕΛΙ' / 'ΟΙΝΟΠΟΙΗΣΗ ΚΑΙ ΩΡΙΜΑΝΣΗ ΣΕ ΒΑΡΕΛΙ' (FÍON DÉANTA AGUS AOSAITHE I mBAIRILLE)

— 'ΟΙΝΟΠΟΙΗΣΗ ΣΕ ΒΑΡΕΛΙ' / 'ΟΙΝΟΠΟΙΗΘΗΚΕ ΣΕ ΒΑΡΕΛΙ' (FÍON DÉANTA I mBAIRILLE)

B. Bliain an fhíona a phriontáil ar an lipéadú

I gcás ina n-úsáidtear an téarma 'ΝΕΟΣ ΟΙΝΟΣ' nó 'ΝΕΑΡΟΣ ΟΙΝΟΣ' (fíon nua) ar lipéadú fíonta, tá sé sainordaitheach bliain an fhíona a phriontáil.

C. Téarmaí lipéadaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta

— Féadfar na téarmaí seo a leanas a úsáid ar lipéadú fíonta ag a bhfuil tásc geografach faoi chosaint (TGFC) Tyrnavos:

'ΛΕΥΚΟΣ ΑΠΟ ΛΕΥΚΑ ΣΤΑΦΥΛΙΑ' / 'Blanc de blancs' (fíon geal ó fhíonchaora geala), 'ΛΕΥΚΟΣ ΑΠΟ ΕΡΥΘΡΑ ΣΤΑΦΥΛΙΑ' / 'Blanc de noir' (fíon geal ó fhíonchaora dearga), 'ΛΕΥΚΟΣ ΑΠΟ ΕΡΥΘΡΩΠΑ ΣΤΑΦΥΛΙΑ' / 'ΛΕΥΚΟΣ ΑΠΟ ΓΚΡΙΖΑ ΣΤΑΦΥΛΙΑ' / 'Blanc de gris' (fíon geal ó fhíonchaora 'gris'), 'ΚΟΚΚΙΝΕΛΙ' / 'Kokineli' (Kokineli), 'ΟΙΝΟΣ ΛΟΦΩΝ' / 'Vin de collines' (fíon ó chnoic), 'ΟΙΝΟΣ ΠΛΑΓΙΩΝ' / 'Vin de coteaux' (fíon ó fhánaí).

— Féadfar na téarmaí traidisiúnta seo a leanas a úsáid agus a chosaint i ndáil le TGFC Tyrnavos, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha ábhartha reachtaíocht an Aontais agus na reachtaíochta náisiúnta:

Τοπικός Οίνος (Fíon Áitiúil) in ionad TGFC

Αγρέπαυλη (Agrepavli), Αμπέλι (Ampeli), Αμπελώνας (ες) (Ambelonas(es)), Αρχοντικό (Archontiko), Κάβα (Kava), Κάστρο (Kastro), Κτήμα (Ktima), Μετόχι (Metochi), Μοναστήρι (Monastiri), Πύργος (Pyrgos).

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.minagric.gr/images/stories/docs/agrotis/POP-PGE/2021/prodiagrafes_tyrnavos080925.pdf